Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Feabhra 2023
(OR. en)

6703/23

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0394(COD)**

CLIMA 92
ENV 162
AGRI 82
FORETS 15
ENER 87
IND 66
COMPET 134
CODEC 241

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15557/22 + ADD 1-6 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin<br>- Díospóireacht bheartais |

I bhfianaise na díospóireachta beartais ag cruinniú na Comhairle (Comhshaol) an 16 Márta 2023, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo, nóta cúlra agus ceisteanna a d'ullmhaigh an uachtaránacht chun struchtúr a chur ar an bplé.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta cúlra agus na ceisteanna, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad, a thabhairt dá aire agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle i bhfianaise na díospóireachta beartais.

**IARSCRÍBHINN**

**Togra le haghaidh Rialachán maidir le creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin**
**- Díospóireacht bheartais -**

*Nóta cúlra ón uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna do na hairí*

Chun an méadú ar an teocht dhomhanda a theorannú go dtí faoi bhun 1.5° C, beidh mórlaghdú astaíochtaí ag teastáil go gasta ar bhonn leanúnach[1]. Caithfear astaíochtaí domhanda na ngás ceaptha teasa a laghdú go mór sna blianta atá le teacht. Ag an am céanna, caithfear níos mó $CO_2$ a ghabháil agus a bhaint as an atmaisféar bliain ar bhliain chun astaíochtaí dosheachanta a chúiteamh agus astaíochtaí diúltacha a bhaint amach i ndeireadh na dála. Beidh foirmeacha éagsúla aistrithe dé-ocsaíde carbóin de dhíth chun glanastaíochtaí nialasacha domhanda gás ceaptha teasa a bhaint amach, agus shainaithin IPCC gur gnéithe bunriachtanacha iad sin i gcineálacha éagsúla cur chuige lena ndéanfaí an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C.

Leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach creat chun astaíochtaí a laghdú go dochúlaithe de réir a chéile de réir foinse agus chun aistrithe trí linnte a fheabhsú chun aeráidneodracht a bhaint amach laistigh den Aontas faoi 2050 ar a dhéanaí, agus é mar aidhm ansin astaíochtaí diúltacha a bhaint amach as sin amach. Léiríonn na cineálacha éagsúla cur chuige lena ndéanfaí an aeráidneodracht a bhaint amach go gcaithfí aistrithe san Aontas a mhéadú go mór, trí réitigh dhúlrabhunaithe agus réitigh theicneolaíocha araon, go dtí thart ar 500 Mt in aghaidh na bliana faoi 2050[2] [3]. Meastar, dá bhrí sin, gur mó tábhacht a bheidh le ról na n-aistrithe carbóin inár ngeilleagar agus i mbeartas aeráide an Aontais. Leis na beartais atá ann faoi láthair áfach, meastar nach n-éireoidh leis an Aontas na cainníochtaí sin a bhaint amach[4].

---

1 *Climate Change 2022: Mitigation of Climate Change*, [An tAthrú Aeráide 2022: Maolú ar an Athrú Aeráide] Rannchuidiú Mheitheal III leis an Séú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

2 Mionanailís a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Clean Planet for all - A European strategic long-term vision for a prosperous, modern, competitive and climate neutral economy* [Pláinéad Glan do Chách – fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach ar mhaithe le geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch atá aeráidneodrach].

3 Measúnú tionchair a ghabhann leis an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Stepping up Europe's 2030 climate ambition: Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people* [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa 2030: Infheistiú i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail] 10865/20 ADD 2.

4 Mar shampla, léiríonn an fhorbairt ar linn charbóin iomlán an Aontais le blianta beaga anuas, atá diúltach go pointe, go gcaithfear bearta breise a dhéanamh má táthar leis an sprioc glanaistrithe do 2030, is é sin le rá -310 Mt de choibhéis $CO_2$, a bhaint amach, agus má táthar le níos mó fós a bhaint amach faoi 2040 agus 2050.

Leis an togra lena leasaítear an Rialachán atá ann cheana maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (LULUCF), leagfar síos, a luaithe a ghlacfar go foirmiúil é níos déanaí i mbliana, sprioc nua glanaistrithe ar leibhéal an Aontais, is é sin -310 milliún tona de choibhéis $CO_2$ atá le baint amach faoi 2030, chomh maith le spriocanna náisiúnta ceangailteacha do na Ballstáit. Leagtar síos leis an Rialachán leasaithe freisin rialacha nua chun faireachán agus tuairisciú beacht ar aistrithe carbóin a éascú, rud atá riachtanach chun gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a fhorbairt a thuilleadh.

**Na chéad chéimeanna le haistrithe carbóin a chomhtháthú a thuilleadh**

I mí na Nollag 2021, thíolaic an Coimisiún Eorpach a theachtaireacht maidir le Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe[5], agus leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé dreasachtaí agus samhlacha gnó a chruthú chun glacadh carbóin i linnte carbóin nádúrtha in éiceachórais ('feirmeoireacht carbóin') a mhéadú agus chun margadh aonair a fhorbairt chun dé-ocsaíd charbóin a ghabháil, a úsáid, a iompar agus a stóráil. Leagtar amach sa teachtaireacht freisin spriocanna uaillmhianacha maidir le haistrithe carbóin sa mheántéarma[6].

Ina dhiaidh sin, an 30 Samhain 2022, thíolaic an Coimisiún Eorpach a thogra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear **creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin**, agus é mar chuspóir leis sin imscaradh aistrithe ardcháilíochta a éascú san Aontas. Cumhdaíonn an togra cineálacha éagsúla aistrithe carbóin, trí fheirmeoireacht carbóin, stóráil carbóin i dtáirgí agus stóráil bhuan. I ndeireadh na dála, is é is aidhm don chreat úsáid aistrithe carbóin a dhreasú a thuilleadh agus dlús a chur leis, go háirithe trí shruthanna ioncaim breise a chumasú, agus trí chur leis an muinín. Féachann sé freisin le sineirgí a chur chun cinn idir aistrithe carbóin agus comhthairbhí gaolmhara amhail maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach agus an bhithéagsúlacht. Chuige sin, leagtar amach ann ceithre chritéar QU.A.L.ITY[7], chomh maith leis na rialacha maidir le fíorú tríú páirtí, lena n-áirítear na rialacha maidir le feidhmiú na scéimeanna deimhniúcháin lena gcuirtear an creat chun feidhme. De réir an togra ón gCoimisiún, déanfar critéir QU.A.L.ITY a oibríochtú a thuilleadh trí mhodheolaíochtaí sonracha don deimhniú, arna bhforbairt trí bhíthin gníomhartha tarmligthe. Beidh siad sin bunaithe ar na ceithre chritéar agus ar shraith íosta gnéithe a leagtar amach sa Rialachán agus forbrófar iad i gcomhairle le grúpa saineolaithe a bheidh comhdhéanta, *inter alia*, d'ionadaithe ó na Ballstáit.

---

5 15045/21 + ADD 1-4

6 Faoi 2028, ba cheart rochtain a bheith ag gach bainisteoir talún ar shonraí fíoraithe astaíochtaí agus aistrithe chun cleachtais feirmeoireachta carbóin a thomhas, agus ba cheart an $CO_2$ uile a ghabhtar, a iompraítear, a úsáidtear agus a stóráiltear trí ghníomhaíochtaí tionsclaíocha a thuairisciú agus a chur san áireamh; faoi 2030, ba cheart go rannchuideodh cuir chuige feirmeoireachta carbóin chun sprioc LULUCF glanaistriú de -310 Mt de choibhéis $CO_2$ a bhaint amach; faoi 2030, ba cheart do theicneolaíochtaí tionsclaíocha 5 Mt ar a laghad de choibhéis $CO_2$ a aistriú in aghaidh na bliana

7 *Quantification* [Cainníochtú]; *Additionality* [Breisíocht]; *Long-term storage* [Stóráil fhadtéarmach]; *Sustainability* [Inbhuanaitheacht] (QU.A.L.ITY)

Maidir le haistrithe carbóin ó ghníomhaíochtaí tionsclaíocha amhail CCS atá bunaithe ar bhithfhuinneamh (BECCS) agus Dírghabháil agus Stóráil Carbóin (DACCS), tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tógáil ar na rialacha faireacháin agus tuairiscithe atá ann cheana maidir le stóráil gheolaíoch $CO_2$ ó shuiteálacha CTA agus na modheolaíochtaí is infheidhme maidir le tionscadail faoin gCiste Nuálaíochta. Maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, tharraing an Coimisiún aird ar shineirgí le, *inter alia*, rialachán LULUCF agus leis an gComhbheartas Talmhaíochta, agus leis an Dlí um Athbhunú an Dúlra a beartaíodh le déanaí. Maidir le táirgí stórála carbóin, chuir an Coimisiún in iúl go gcaithfear tuilleadh taighde a dhéanamh chun catagóirí táirgí agus modheolaíochtaí ábhartha a shainaithint.

**Staid na hoibre sa Chomhairle**

Chuir an Coimisiún an togra i láthair den chéad uair ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Comhshaoil an 20 Nollaig 2022 faoi Uachtaránacht na Seicia. Cuireadh tús leis an bplé i dtionól na Meithle um an gComhshaol i mí Feabhra faoi Uachtaránacht na Sualainne. Le linn na dtrí chruinniú den mheitheal a tionóladh go dtí seo, scrúdaigh na toscaireachtaí an togra agus deis acu ceisteanna a chur le soiléiriú a fháil agus a seasaimh tosaigh a leagan amach.

I measc nithe eile, chuir an Coimisiún i dtreis gur ar bhonn deonach a ghlacfar leis an gcreat agus gur gá tosú ar aistrithe carbóin a mhéadú go luath má táthar le spriocanna aeráide fadtéarmacha an Aontais a bhaint amach. Thrácht sé don togra mar uirlis Faireacháin, Tuairiscithe agus Fíorúcháin agus, dá réir sin, mar chéim thosaigh le haistrithe carbóin a chomhtháthú i mbeartas aeráide an Aontais agus a n-úsáid a rialáil a thuilleadh i gcomhthéacs na sprice aeráide a bheidh ann amach anseo do 2040 agus ina dhiaidh sin.

**Ábhair plé**

Aithnítear go ginearálta, cé nach mór tosaíocht a thabhairt do mhearlaghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa, go mbeidh ról nach beag ag aistrithe carbóin san aistriú i dtreo na haeráidneodrachta. Ba dhíol sásaimh, dá bhrí sin, do na Ballstáit i gcoitinne, sa phlé a rinneadh go dtí seo, go raibh sé beartaithe gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a dhreasú a thuilleadh agus féachaint le tuilleadh comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais. Chuir Ballstáit éagsúla béim freisin ar a thábhachtaí atá an prionsabal 'tús áite do laghduithe astaíochtaí'.

Níltear ach tosaithe ar an togra a scrúdú go fóill, agus beidh tuilleadh plé de dhíth maidir le saincheisteanna éagsúla. D'iarr na toscaireachtaí soiléiriú breise ar roinnt gnéithe lárnacha den togra, amhail na príomhshainmhínithe, an bhreisíocht agus an nós imeachta maidir leis na bonnlínte a shocrú agus na modheolaíochtaí deimhniúcháin sonracha a bhunú.

Ardaíodh ceisteanna freisin maidir le critéir QU.A.L.ITY, feidhmiú na scéimeanna deimhniúcháin agus an riosca go ndéanfaí comhaireamh dúbailte. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le hábhair imní maidir leis an riosca a bhaineann le glas-snasú, cheistigh roinnt toscaireachtaí ar cheart úsáid deiridh na ndeimhnithe a ghintear faoin gcreat a léiriú ar bhealach ar bith sa rialachán atá beartaithe. Thairis sin, d'fhiosraigh go leor toscaireachtaí an gaol idir an creat atá beartaithe agus na scéimeanna náisiúnta atá ann faoi láthair a bhfuil cuspóirí comhchosúla acu, chomh maith leis an ngaol idir é agus sásraí agus próisis idirnáisiúnta.

D'ardaigh na toscaireachtaí ceisteanna freisin maidir le fad na stórála, mar shampla a mhéid a bhaineann le bailíocht deimhnithe, faireachán agus dliteanas.

Maidir le catagóir shonrach na feirmeoireachta carbóin, leag roinnt toscaireachtaí béim ar an ngá atá le sainiúlachtaí náisiúnta a mheas, amhail dálaí éagsúla aeráide agus geografacha ó cheann ceann an Aontais, agus a áirithiú go mbeidh an creat inrochtana i gcónaí ag oibreoirí beaga agus ag úinéirí talún. Ar an gcaoi chéanna, chuir toscaireachtaí áirithe i dtreis go gcaithfeadh an t-ualach riaracháin a bheith inláimhsithe i gcónaí, go háirithe i gcás oibreoirí aonair.

**Ceisteanna ar na hairí**

Chun treoir a chur ar fáil don obair leantach ar an rialachán atá beartaithe, iarrann an uachtaránacht ar na hairí a marana a dhéanamh ar an dá cheist seo a leanas:

*Meastar gur mó tábhacht a bheidh le haistrithe carbóin, sna blianta atá le teacht, mar chomhlánú ar laghduithe ar astaíochtaí chun sprioc teochta 1.5 °C de chuid Chomhaontú Pháras agus an cuspóir a bheith aeráidneodrach san Aontas faoi 2050 ar a dhéanaí a bhaint amach. Leis an togra maidir le creat deimhniúcháin le haghaidh aistrithe carbóin, tá deis ag an Aontas Eorpach spreagadh a thabhairt maidir leis an gcaoi a bhféadfaí aistrithe carbóin a chomhtháthú a thuilleadh i gcreataí beartais aeráide ar bhealach freagrach.*

1. *Cén chaoi a bhféadfadh creat deimhniúcháin ar leibhéal an Aontais cuidiú le haistrithe carbóin ardcháilíochta a mhéadú san Aontas ar bhealach a chomhlánódh iarrachtaí leanúnacha maidir le hastaíochtaí a laghdú?*

2. *Chuige sin, cad iad na príomhdheiseanna agus na príomhdhúshláin a bhaineann leis an togra ón gCoimisiún, dar leat? An bhfuil aon ghnéithe sonracha ann ar gá tuilleadh soiléirithe ina leith chun an chaibidlíocht a thabhairt chun cinn?*